



**VACSAÍN
COVID-19**
Comhairle
Sláinte Poiblí



**Vacsaín Comirnaty
(Pfizer/BioNTech) do leanaí
idir 5 agus 11 bhliain d'aois**

**Eolas tábhachtach do
thuismitheoirí agus caomhnóirí**

Leagan 1
13 Nollaig 2021



Rialtas na hÉireann
Government of Ireland

Maidir leis an mbileog eolais seo

Sa bhileog seo, tugtar eolas duit faoin vacsaín in aghaidh COVID-19 (coróinvíreas) do leanaí idir 5 agus 11 bhliain d'aois.

Insítear duit:

- COVID-19 i gcás leanaí idir 5 agus 11 bhliain d'aois
- céard í an vacsaín in aghaidh COVID-19
- na buntáistí a bhaineann le vacsaíniú i gcás leanaí idir 5 agus 11 bhliain d'aois
- na rioscaí a bhaineann le vacsaíniú i gcás leanaí idir 5 agus 11 bhliain d'aois
- sábháilteacht na vacsaíne agus na fo-iarmhairtí
- na háiteanna ar féidir teacht ar a thuilleadh eolais

Léigh an bhileog eolais seo go cúramach. Is é is aidhm leis an leabhrán eolais seo ná cur ar do chumas cinneadh eolach a dhéanamh maidir leis an vacsaín a fháil do do leanbh. Is féidir leat labhairt le gairmí cúraim sláinte faoin vacsaín freisin – do Dhochtúir Teaghlaigh nó do Chógaiseoir, cuir i gcás.

Ina theannta sin, is féidir leat:

- Bíleog Eolais an Mhonaróra d'Othair a léamh, atá le fáil ar **www.hse.ie/covid19vaccinePIL**
- vacsaíniú a phlé le do leanbh nó an bhileog a léamh in éineacht leis
- an t-eolas breise atá le fáil ar **www.hse.ie** a léamh
- an bhileog iarchúraim a gheobhaidh tú tar éis an vacsaínithe a léamh

Maidir le COVID-19

Is tinneas é COVID-19 a fhéadann cur isteach ar na scamhóga agus ar na haerbhealaí, chomh maith le codanna eile den chorp i gcásanna áirithe. Víreas darb ainm coróinvíreas is cúis leis.

Tá COVID-19 an-tógálach. Is tríd an aer a scaiptear é trí na braoiníní a chuirtear amach nuair a bhíonn daoine ag casacht nó ag sraothartach, é sin nó nuair a leagann duine lámh ar dhromchlaí a bhfuil na braoiníní sin orthu agus ansin leagann an lámh chéanna ar a shúile, srón nó béal.

I measc na siomptóm is coitianta a bhaineann le COVID-19, tá:

- fiabhras (teocht ard 38 céim Celsius nó os a chionn) – lena n-áirítear crithfhuacht
- casacht thirim
- tuirse

Uaireanta tógann sé suas le 14 lá tar éis teacht i dteagmháil le COVID-19 sula bhfeictear siomptóim. Is féidir leis na siomptóim a bheith cosúil le siomptóim shlaghdáin nó fliú. B'fhéidir nach mbeadh na siomptóim sin ar fad ar do leanbh nó b'fhéidir nárbh ann ach go mbeadh sé ag aireachtáil ní ba mheasa ná mar is gnách.

Má tá aon siomptóim COVID-19 ar do leanbh, ba chóir dó féinleithlisiú (fanacht ina sheomra) agus tástáil COVID-19 a fháil.

Le tuilleadh eolais a fháil maidir le COVID-19, téigh chuig

www.hse.ie/coronavirus nó cuir glao ar HSELive ar **1800 700 700**.

COVID-19 agus leanaí idir 5 agus 11 bhliain d'aois

Formhór na leanaí san aoisghrúpa seo a dtagann COVID-19 orthu, ní thagann ach siomptóim an-éadrom orthu nó ní thagann siomptóim orthu ar chor ar bith. Cur isteach é nuair a tholgann leanbh COVID-19 toisc go gcaithfidh sé scoil a chailliúint agus d'fhéadfadh sé go mbeadh ar dhaoine eile atá ina gcónaí leis srian a chur lena ngluaiseachtaí.

I gcásanna an-annamh, is féidir le COVID-19 breoiteacht thromchúiseach a chur ar leanbh, é a chur san ospidéal nó a bheith ina chúis le bás.

Uaireanta, fanann siomptóim a bhaineann le COVID-19 ar an duine ar feadh roinnt seachtainí nó míonna. Tugtar 'COVID fada' air seo. Is lú riosca an reachta seo do leanaí ná daoine fásta.

Is beag an baol go gcuirfí leanbh san ospidéal mar gheall ar COVID-19, agus tá an baol go mbeadh cóireáil dianchúraim ag teastáil ó aon leanbh an-íseal go deo.

I gcás leanaí a bhfuil riochtaí áirithe sláinte orthu, tá baol níos mó ann go mbeadh breoiteacht thromchúiseach orthu nó go gcuirfí san ospidéal iad dá dtolgfaidís COVID-19. Bíodh sin mar atá, seachtar as gach deichniúr leanaí san aoisghrúpa seo in Éirinn a cuireadh san ospidéal de dheasca COVID-19, ní raibh riochtaí sláinte orthu cheana.

I gcásanna annamha, is féidir le COVID-19 a bheith ina chúis le riocht i leanaí darb ainm an Siondróm Athlastach Ilchóras.

Is riocht é sin is cúis le niúmóine, athlasadh an chroí agus deacrachtaí anáilthe, agus d'fhéadfadh sé a bheith ina chúis le bás. Tharla an chuid ba mhó de na cásanna a tuairiscíodh i leanaí fir idir 1 agus 14 bliana d'aois.

Céard í an vacsaín in aghaidh COVID-19?

Is éard is vacsaín ann ná substaint arb aidhm léi imdhíonacht (cosaint) in aghaidh galar áirithe a fheabhsú. Múineann vacsaíní don chóras imdhíonachta cén chaoi an duine a chosaint in aghaidh galar.

Tugann an fhianaise atá ar fáil le fios gur chóir go dtabharfadh vacsaín in aghaidh COVID-19 cosaint do do leanbh in aghaidh COVID-19. Má dhéantar vacsaíniú ar leanaí, ba cheart go laghdófaí líon na ndaoine inár bpobal a éireodh go dona tinn nó a gheobhadh bás le COVID-19.

Cén vacsaín atá á tairiscint do mo leanbh?

Tugtar Comirnaty (Pfizer/BioNTech) ar an vacsaín atá á tairiscint do do leanbh.

Is vacsaín mRNA í seo, a mhúinfidh do chorp do linbh cén chaoi próitéin a dhéanamh a spreagfaidh freagairt imdhíonachta ann, gan an víreas beo is cúis le COVID-19 a úsáid.

Ansin tosóidh corp do linbh ag táirgeadh antasubstaintí, a dhéanfaidh a gcion féin le troid in aghaidh an ionfhabhtaithe má thagann COVID-19 isteach ina chorp amach anseo.

Roinn an vacsaíniú, iarrfar ort do chead a thabhairt go dtabharfaí an vacsaín do do leanbh agus cuirfear an cead sin ar taifead.

Cén fáth a bhfuil an vacsaín á tairiscint do gach leanbh idir 5 agus 11 bhliain d'aois?

Tríd an vacsaín a thairiscint don phobal seo, is é an aidhm atá againn ná daoine a chosaint agus an tinneas agus na básanna arb é an víreas is cúis leo a laghdú.

Ba chóir go gcosnódh an vacsaín in aghaidh COVID-19 do leanbh agus na daoine a bhíonn thart air in aghaidh COVID-19. Cé gurb annamh a fheictear breoiteacht thromchúiseach ó COVID-19 san aoisghrúpa seo, beidh níos lú baoil fós ann go n-éireoidh sé go dona tinn le COVID-19 má fhaigheann sé an vacsaín.

Molann an Coiste Comhairleach Náisiúnta Imdhíonta an vacsaín in aghaidh COVID-19 go láidir do leanaí atá idir 5 agus 11 bhliain d'aois:

- a bhfuil riocht sláinte orthu a fhágann go bhfuil ardriosca ann go mbeadh breoiteacht thromchúiseach orthu dá dtolfadís COVID-19
- a bhfuil cónaí orthu le leanbh óg nó duine fásta atá i mbaol breoiteacht thromchúiseach dá dtolfadh sé COVID-19, m.sh. leanbh eile a bhfuil riachtanais chasta leighis aige, nó duine fásta imdhíon-lagaithe

I gcás gach leanbh san aoisghrúpa seo, is é moladh an Choiste ná go bhfuil níos mó buntáistí ná rioscaí ag baint leis an vacsaín.

Áirítear leis na buntáistí sin tolgadh COVID-19 a sheachaint, agus cosaint bhreise in aghaidh rioscaí annamha na breoiteachta thromchúisí ó COVID-19. Níl an riosca céanna ann go gcaillfeadh leanaí atá vacsaínithe scoil agus gníomhaíochtaí eile de dheasca COVID-19.

An bhfuil an vacsaín éifeachtach i gcás leanaí idir 5 agus 11 bhliain d'aois?

Léirigh an triail chliniciúil maidir le vacsaín Comirnaty (Pfizer / BioNTech) go raibh sí an-éifeachtach ó thaobh COVID-19 a chosc i leanaí san aoisghrúpa seo.

An bhfuil an vacsaín slán sábháilte do leanaí idir 5 agus 11 bhliain d'aois?

Mhol an Coiste Comhairleach Náisiúnta Imdhíonta gur cheart an vacsaín seo in aghaidh COVID-19 a chur ar fáil do leanaí atá idir 5 agus 11 bhliain d'aois.

Rinneadh an vacsaín seo a thástáil ar na mílte daoine, os cionn 2,000 leanbh agus duine óg idir 5 agus 11 bhliain d'aois ina measc, mar chuid de thrialacha cliniúla. Níor tháinig aon ní breise ab údar imní ó thaobh sábháilteachta de chun cinn sa triail chliniciúil maidir le leanaí san aoisghrúpa seo.

Shásaigh an vacsaín seo dianchaighdeáin sábháilteachta, cháilíochta agus éifeachtúlachta freisin, agus tá sí formheasta agus ceadaithe ag rialtóirí. I gcás na hÉireann, is í an Ghníomhaireacht Leigheasra Eorpach an rialtóir – téigh chuig www.ema.europa.eu le tuilleadh eolais a fháil.

Le húsáid na vacsaíne a cheadú, shásaigh sí na trialacha cliniúla agus na seiceálacha sábháilteachta go léir nach mór do gach cógas ceadúnaithe eile a shásamh, agus shásaigh amhlaidh de réir caighdeáin idirnáisiúnta sábháilteachta. Déanann na húdaráis ábhartha monatóireacht leanúnach ar shábháilteacht gach vacsaíne in aghaidh COVID-19.

Cé gur forbraíodh na vacsaíní in aghaidh COVID-19 i bhfad ní ba ghasta ná mar is gnách, chuaigh an vacsaín atá á tairiscint againn do do leanbh trí na gnáthchéimeanna uile is gá lena chruthú go bhfuil sí idir shábháilte agus éifeachtach.

Táimid fós ag foghlaim faoi éifeachtacht agus fo-iarmhairtí na vacsaíní in aghaidh COVID-19 san aoisghrúpa seo.

Bíonn fo-iarmhairtí ag baint le gach cógas agus ba cheart duit léamh faoi na fo-iarmhairtí coitianta, neamhchoitianta agus an-neamhchoitianta is eol atá ag baint leis an vacsaín seo sa bhileog eolais seo sula dtabharfaidh tú cead go ndéanfaí vacsaíniú ar do leanbh.

Tá an vacsaín tugtha do na milliúin leanaí idir 5 agus 11 bhliain d'aois sna Stáit Aontaithe, i gCeanada agus in Iosrael cheana féin, agus moltar i dtíortha Eorpacha eile í chomh maith.

Bhí COVID-19 ar mo leanbh cheana, an gá dó an vacsaín a fháil?

Má bhí COVID-19 ar do leanbh cheana, is dócha go bhfuil imdhíonacht de shaghas éigin aige, a d'fhéadfadh a bheith ann go ceann thart ar naoi mí.

Fiú má bhí COVID-19 ar do leanbh cheana féin, d'fhéadfadh sé é a tholghadh arís. Laghdóidh an vacsaín an riosca go dtolgfadh sé COVID-19 arís.

Tá COVID-19 ar mo leanbh faoi láthair. An féidir leis an vacsaín a fháil?

Má bhí COVID-19 ar do leanbh, is féidir leis an vacsaín a fháil ceithre seachtaine tar éis na siomptóim a thabhairt faoi deara den chéad uair nó ceithre seachtaine tar éis dó tástáil dhearfach COVID-19 a fháil.

Ar cheart do mo leanbh an vacsaín in aghaidh COVID-19 a fháil má tá teocht ard air?

Níor cheart. Ba cheart duit an vacsaíniú a chur siar má tá fiabhras air (teocht 38 céim Celsius nó níos airde), go dtí go n-aireoidh sé níos fearr.

An féidir leis an vacsaín COVID-19 a thabhairt do mo leanbh?

Ní féidir leis an vacsaín in aghaidh COVID-19 a thabhairt do do leanbh. Is féidir COVID-19 a tholghadh roimh an vacsaín a fháil agus gan na siomptóim a thabhairt faoi deara go dtí i ndiaidh na coinne vacsaínithe.

Má tá aon siomptóim COVID-19 ar do leanbh, is den rithábhacht go ndéanfadh sé féinleithlisiú (fanacht ina sheomra) agus tástáil saor in aisce a shocrú lena fháil amach an bhfuil COVID-19 air. Má tá fiabhras ar do leanbh a tháinig air ní ba mhó ná dhá lá tar éis dó an vacsaín a fháil, nó a mhaireann níos faide ná dhá lá, ba cheart do do leanbh féinleithlisiú agus tástáil COVID-19 a fháil.

Cé hé nó cé hí vacsaíneoir mo linbh?

Is é an vacsaíneoir an duine a thabharfaidh an vacsaín do do leanbh. Cuireann FSS oiliúint air nó uirthi chun vacsaíní COVID-19 a thabhairt.

Cén chaoi a dtugtar an vacsaín in aghaidh COVID-19?

Tugtar an vacsaín mar instealladh isteach in uachtar na géige láimhe. Ní thógfaidh sé ach cúpla nóiméad.

Cé mhéad dáileog den vacsaín in aghaidh COVID-19 a bheidh ag teastáil ó mo leanbh?

Beidh dhá dháileog de vacsaín Pfizer/BioNTech ag teastáil uaidh leis an gcosaint is fearr in aghaidh COVID-19 a fháil. Gheobhaidh do leanbh an dara dáileog trí seachtaine tar éis na chéad dáileoige.

Má tá córas imdhíonachta lag ag do leanbh, b'fhéidir go mbeadh dáileog bhreise den vacsaín in aghaidh COVID-19 ag teastáil uaidh 28 lá ar a laghad tar éis dó an dara dáileog a fháil.

Céard iad na fo-iarmhairtí atá ag dul leis an vacsaín?

Amhail gach cógas, is féidir le vacsaíní a bheith ina gcúis le fo-iarmhairtí. Tá an chuid is mó díobh sin éadrom nó measartha, gearrthéarmach, agus ní fhaigheann gach duine iad.

D'fhéadfadh na fo-iarmhairtí seo a leanas a bheith ar ní ba mhó ná duine amháin as gach deichniúr:

- tuirse
- frithireacht nó at sa ghéag láimhe ar ar tugadh an t-instealladh vacsaíne duit
- tinneas cinn
- pian sna matáin
- pian sna hailt
- buinneach
- fiabhras (teocht 38 céim Celsius nó os a chionn)

D'fhéadfadh samhnas, urlacan nó baill dhearga ar láthair an insteallta a bheith ann i gcás ní ba mhó ná duine amháin as gach 100 duine.

I gcás níos mó ná duine amháin as gach 1,000 duine, tiocfaidh tochas ar láthair an insteallta, tochas ginearálta, gríos, allas iomarcach, allas oíche, goile laghdaithe, easpa fuinnimh nó marbhántacht orthu, éireoidh a bhfaireoga limfe ata, rachaidh sé deacair orthu dul a chodladh, nó beidh pian acu sna lámha agus sna cosa.

Tá Pairilis Bell ina fo-iarmhairt annamh a fheictear i níos mó ná duine as gach 10,000.

I gcásanna annamha, feictear at aghaidhe i ndaoine a bhfuil líontóirí aghaidhe acu.

Ní fheictear fo-iarmhairtí tromchúiseacha, amhail frithghníomhú trom ailléirgeach, ach go han-annamh. Tá oiliúint curtha ar do vacsaíneoir le cóir leighis a chur ar othair atá buailte ag frithghníomhuithe troma ailléirgeacha den sórt sin.

I gcásanna fíorannamha, d'fhéadfadh Eiritéime Ilfhoirmeach teacht ar dhaoine, is frithghníomhú craicinn a bhíonn ina chúis le spotaí nó baill dhearga ar an gceirceann. Bíonn cuma shúil na sprice ar na baill seo in amanna, iad dúdhearg sa lár agus fáinní dearga níos éadroime timpeall orthu.

Go han-annamh, b'fhéidir go dtiocfadh at ar an ngéag láimhe ar ar tugadh an t-instealladh vacsaíne don leanbh.

I gcásanna an-annamh, d'fhéadfadh míócáirdíteas nó peireacáirdíteas teacht ar dhaoine tar éis dóibh vacsaín Pfizer/BioNTech a fháil. Is riochtaí athlastacha croí iad an míócáirdíteas agus an peireacáirdíteas. Tá baol na riochtaí an-annamh seo níos airde i measc fir óga.

Is mó seans go dtarlóidh na riochtaí seo tar éis an dara dáileog agus tarlaíonn siad laistigh de 14 lá tar éis an vacsaín a fháil den chuid is mó.

Rinneadh baol an mhíócáirdítis tar éis an dara dáileog den vacsaín a mheas in dhá staidéar Eorpacha:

- Aon chás breise amháin do gach 38,000 fear idir 12 agus 29 bliain d'aois (laistigh de 7 lá)
- Aon chás breise amháin do gach 17,500 fear idir 16 agus 24 bliain d'aois (laistigh de 28 lá)

Tugann sonraí luatha ó thíortha eile le fios gur lú an seans go dtiocfadh míócáirdíteas orthu siúd atá idir 12 agus 15 bliana d'aois ná iad siúd atá idir 16 agus 24 bliain d'aois. Níl fáil ach ar mhéid an-teoranta sonraí maidir leo siúd atá idir 5 agus 11 bhliain d'aois.

Tagann an chuid is mó de na daoine chucu féin as a stuaim féin nó le cóireáil thacúil, ach bheadh cúram ospidéal ag teastáil uathu mar sin féin. Ní fios go fóill an mbeidh aon fhadhbanna fadtéarmacha i gceist leis na fo-iarmhairtí seo.

Shásaigh an vacsaín in aghaidh COVID-19 na trialacha cliniciúla agus na seiceálacha sábháilteachta céanna agus nach mór do gach vacsaín cheadúnaithe eile a shásamh, ach is vacsaín nua í mar sin féin agus níl fáil ach ar mhéid teoranta faisnéise maidir leis na fo-iarmhairtí fadtéarmacha.

Mar a gheobhaidh níos mó agus níos mó daoine in Éirinn agus ar fud an domhain an vacsaín seo, glactar leis go mbeidh fáil ar a thuilleadh faisnéise maidir leis na fo-iarmhairtí. Nuashonróidh FSS an fhaisnéis ar ár láithreán gréasáin go rialta, agus más gá, nuashonróidh freisin na bileoga eolais a thugtar do dhaoine tráth a bhfuil an chéad nó an dara dáileog den vacsaín á fáil acu.

Fiabhras tar éis na vacsaíne

Is iomaí duine a dtagann fiabhras air tar éis vacsaín a fháil. Is iondúil go dtarlaíonn sé sin laistigh de dhá lá tar éis an vacsaín a fháil, agus imíonn sé laistigh de dhá lá. Is mó seans go dtiocfaidh fiabhras ar do leanbh tar éis an dara dáileog den vacsaín.

Má airíonn do leanbh míchompordach, tabhair paraicéiteamól nó iobúpróifein dó de réir na dtreoracha ar an mbosca nó ar an mbileoigín eolais. Faigh comhairle leighis má bhíonn imní ort faoi do leanbh.

Siomptóim an mhiócairdítis agus an pheireacairdítis

I gcásanna an-annamh, d'fhéadfadh miócairdíteas nó peireacairdíteas teacht ar dhaoine tar éis dóibh vacsaín Comirnaty (Pfizer/BioNTech) a fháil. Is riochtaí athlastacha croí iad an miócairdíteas agus an peireacairdíteas.

Ba chóir duit a bheith ar an eolas faoi na comharthaí le bheith ag faire amach dóibh i do leanbh.

Faigh cabhair leighis má thagann aon cheann de na siomptóim seo ar do leanbh tar éis an vacsaín a fháil:

- giorra anála
- éirí croí (buille láidir croí a d'fhéadfadh a bheith neamhrialta)
- pian sa chliabhrach

An bhfuil leanaí áirithe ann nár cheart dóibh an vacsaín in aghaidh COVID-19 a fháil?

Tá. Níor cheart do do leanbh vacsaín Comirnaty (Pfizer/BioNTech) in aghaidh COVID-19 a fháil:

- má bhí frithghníomhú trom ailléirgeach ag do leanbh roimhe seo i leith aon cheann de chomhábhair na vacsaíne (gliocól poileitiléine nó PEG ina measc). Tá liosta na gcomhábhar le fáil i mBileog Eolais an Mhonaróra d'Othair, atá ar fáil ar www.hse.ie/covid19vaccinePIL.
- má bhí frithghníomhú trom ailléirgeach ag do leanbh tar éis dáileog eile de Vacsaín Pfizer/BioNTech.
- má tháinig miócairdíteas ar do leanbh tar éis dáileog eile den vacsaín seo.
- má bhí frithghníomhú trom ailléirgeach ag do leanbh i leith Trometamol (ruaim chodarsnach a úsáidtear i staidéir raideolaíocha ÍAM).

Ba cheart duit labhairt le dochtúir do linbh sula bhfaighidh sé an vacsaín in aghaidh COVID-19:

- má bhí frithghníomhú trom ailléirgeach (anaifiolacsas) aige roimhe seo, lena n-áirítear frithghníomhú trom ailléirgeach i leith vacsaín nó cógas eile.
- má tháinig peireacairdíteas air tar éis dáileog eile den vacsaín Comirnaty (Pfizer/BioNTech) seo.

Má bhí an Siondróm Athlastach Ilchóras ar do leanbh roimhe seo, is féidir leis an vacsaín in aghaidh COVID-19 a fháil nuair a bheidh sé tagtha ar ais chuige féin agus 90 lá ar a laghad tar éis dó an diagnóis a fháil, cibé acu is faide.

Beidh mórchuid na leanaí in ann an vacsaín a fháil go slán sábháilte. Beidh an vacsaíneoir lánsásta aon cheist a bheidh agat a fhreagairt duit ag coinne vacsaínithe do linbh.

Tabharfaidh sé nó sí bileog comhairle iarchúraim duit freisin, chomh maith le cárta taifid vacsaínithe ar a mbeidh ainm agus baiscuimhir na vacsaíne a tugadh do do leanbh.

Cá fhad a thógann sé ar an vacsaín tosú ag obair?

Beidh imdhíonacht ag mórchuid na ndaoine tar éis an dá dháileog den vacsaín in aghaidh COVID-19 a fháil. Ciallaíonn sé sin go mbeidh siad cosanta in aghaidh COVID-19.

Ní thosóidh an vacsaín ag obair go ceann 7 lá tar éis an dara dáileog a fháil.

Tá seans fós ann go dtolgfaidh do leanbh COVID-19 fiú tar éis an vacsaín a fháil.

An oibríonn an vacsaín i ngach duine?

Fuair na milliúin daoine ar fud an domhain na vacsaíní seo le bliain anuas. Tá fianaise láidir, iontaofa ann go laghdaíonn na vacsaíní in aghaidh COVID-19 go mór an riosca go dtolgfai COVID-19. Bealach iontach éifeachtach iad le básanna agus breoiteacht thromchúiseach de bharr COVID-19 a chosc.

Ní oibríonn na vacsaíní mar an gcéanna i ngach uile dhuine, agus is féidir le daoine vacsaínithe COVID-19 a tholghadh fós. Má tá córas lagaithe imdhíonachta ag do leanbh, níl aon riosca breise ag baint leis an vacsaín, ach b'fhéidir nach n-oibreodh sé chomh maith céanna dó.

Cá fhad a mhairfidh an imdhíonacht ón vacsaín?

Ní fios go fóill cá fhad a mhairfidh an imdhíonacht. Tá trialacha cliniúla ar bun faoi láthair leis an gceist sin a fhuascailt.

Tar éis do mo leanbh an vacsaín a fháil, an é nach mbeidh sé in ann COVID-19 a scaipeadh ar dhaoine eile?

Níl a fhios againn go fóill an féidir le daoine vacsaínithe an víreas a scaipeadh ar dhaoine eile. Sin an fáth a bhfuil sé chomh tábhachtach sin go leanfaimis orainn ag cloí leis an gcomhairle sláinte poiblí le stop a chur le scaipeadh an víris.

Tar éis an vacsaínithe, molfar do do leanbh cloí leis na treoirlínte sláinte poiblí a bhaineann le daoine vacsaínithe.

An féidir le mo leanbh an vacsaín in aghaidh COVID-19 a fháil ag an am céanna le vacsaíní eile?

I gcás leanaí san aoisghrúpa seo, moltar 14 lá a fhágáil idir an vacsaín in aghaidh COVID-19 agus aon vacsaín eile.

Cead leis an vacsaín a thabhairt do do leanbh

Iarrfar ar thuismitheoir nó ar chaomhnóir dlíthiúil cead a thabhairt maidir le gach leanbh atá le vacsaíniú. Is féidir an cead sin a thabhairt ar líne tar éis an leanbh a chlárú le haghaidh coinne. Is féidir é a thabhairt ar lá an vacsaínithe freisin, ach caithfidh an thuismitheoir nó an caomhnóir dlíthiúil a bheith i láthair in éineacht leis an leanbh.

Is féidir le duine fásta eile nach é an thuismitheoir nó an caomhnóir dlíthiúil é dul chuig an gcoinne vacsaínithe in éineacht leis an leanbh ar chuntar go mbeidh an próiseas tugtha ceadar ar líne curtha i gcrích ag an thuismitheoir nó ag an gcaomhnóir dlíthiúil roimh ré.

Ní cheadófar do leanbh freastal ar ionad vacsaínithe gan duine fásta a bheith in éineacht leis.

Déanfar de réir do chinnidh le cead a thabhairt nó gan cead a thabhairt agus d'fhéadfadh sé go mbeadh an tábla achomair seo a leanas ina chabhair agat le heolas a chur ar na roghanna atá agat.

Buntáistí na vacsaíne	Rioscaí na vacsaíne
• Cosaint do leanaí agus do dhaoine óga a bhfuil riochtaí sláinte orthu a fhágann go bhfuil ardriosca ann go mbeadh cás trom de COVID-19 orthu. • Cosaint do leanaí agus do dhaoine óga sláintiúla in aghaidh cásanna troma de COVID-19 – cé gur an-annamh a fheictear a leithéid san aoisghrúpa seo. Is beag an baol go gcuirfí leanbh san ospidéal mar gheall ar COVID-19, agus tá an baol go mbeadh cóireáil dianchúraim ag teastáil ó aon leanbh an-íseal go deo. • Cosaint in aghaidh COVID-19 agus aimhréidheanna a bhaineann le COVID-19, amhail ‘COVID fada’ agus an Siondróm Athlastach Ilchóras i leanaí • Cosaint in aghaidh COVID-19 a tholghadh, rud a d’fhágfadh go mbeadh ar an leanbh fanacht sa bhaile ón scoil agus go mbeadh ar dhaoine eile atá ina gcónaí leis srian a chur lena ngluaiseachtaí. • D’fhéadfadh sé go ndéanann an vacsaín a cion féin le scaipeadh COVID-19 ar dhaoine eile a chosc. Tá sé seo thar a bheith tábhachtach i gcás go bhfuil leanbh nó duine óg ina chónaí le leanbh óg nó le duine fásta atá i mbaol cás trom de COVID-19.	• Fo-iarmhairtí gearrthéarmacha, amhail pian sa ghéag láimhe, fiabhras nó tuirse. • D’fhéadfadh fo-iarmhairt thromchúiseach a theacht ar thart ar dhuine as gach 100,000 duine, amhail frithghníomhú ailléirgeach i leith na vacsaíne. • I gcásanna an-annamh, d’fhéadfadh miócairdíteas (athlasadh an chroí) nó peireacairdíteas (athlasadh líneáil sheachtrach an chroí) a theacht ar dhaoine. Tagann formhór na ndaoine chucu féin arís tar éis miócairdíitis agus peireacairdíitis ach d’fhéadfadh sé go mbeadh cóir leighis san ospidéal de dhíth orthu. • Níl faisnéis againn go fóill faoi éifeachtaí fadtéarmacha na vacsaíní in aghaidh COVID-19 i gcás leanaí.

Smaoinigh ar an vacsaín a fháil do do leanbh:	Smaoinigh ar gan an vacsaín a fháil do do leanbh, nó fanacht go dtí go mbeidh tuilleadh eolais ar fáil:
• Má tá riocht sláinte ar do leanbh cheana a fhágann go bhfuil ardriosca ann go mbeadh cás trom de COVID-19 air. • Má tá do leanbh ina chónaí le leanbh nó le duine fásta a bhfuil ardriosca ann go mbeadh cás trom de COVID-19 air. • Más mian leat cosaint níos fearr a thabhairt do do leanbh in aghaidh an riosca iontach beag go mbeadh cás trom de COVID-19, an Siondróm Athlastach Ilchóras nó 'COVID fada' air.	• Mura mian leat dul sa seans go dtiocfadh míócairdíteas nó peireacairdíteas ar do leanbh, is fo-iarmhairtí a fheictear go han-annamh tar éis an vacsaín a fháil. • Más mian leat fanacht go mbeidh fáil ar a thuilleadh eolais faoi riosca an tSiondróim Athlastaigh Ilchóras agus COVID-19 i gcás leanaí. • Más mian leat fanacht go mbeidh fáil ar a thuilleadh eolais faoi éifeachtaí fadtéarmacha na vacsaíní i gcás leanaí agus daoine óga.

Tuilleadh eolais

Léigh Bileog Eolais an Mhonaróra d'Othair le tuilleadh eolais a fháil. Cuirfear í sin i gcló duit ar lá vacsaínithe do linbh, nó is féidir leat teacht uirthi ar

www.hse.ie/covid19vaccinePIL

Is féidir leat labhairt le gairmí cúraim sláinte faoin vacsaín freisin – do Dhochtúir Teaghlaigh, do Chógaiseoir nó duine de d'fhoireann cúraim sláinte, cuir i gcás.

Is féidir leat dul chuig láithreán gréasáin FSS freisin ag

www.hse.ie/covid19vaccine nó glao a chur ar HSELive ar **1800 700 700**.

Le tuilleadh eolais a fháil maidir leis an vacsaín in aghaidh COVID-19, lena n-áirítear eolas i bhformáidí agus i dteangacha eile, téigh chuig

www.hse.ie/covid19vaccinematerials

Cén chaoi ar féidir liom fo-iarmhairtí a thuairisciú?

Mar is amhlaidh i gcás gach vacsaíne, is féidir leat fo-iarmhairtí amhrasta a thuairisciú don Údarás Rialála Táirgí Sláinte.

Is é an t-údarás rialála i bPoblacht na hÉireann é maidir le cógais, gairis leighis agus táirgí sláinte eile. Mar chuid dá ról i monatóireacht a dhéanamh ar chógais ó thaobh sábháilteachta de, oibríonn an tÚdarás córas trínar féidir le gairmithe cúraim sláinte nó baill den phobal aon fhrithghníomhú díobhálach (fo-iarmhairt) amhrasta a bhaineann le cógais agus vacsaíní a tharla in Éirinn a thuairisciú.

Molann an tÚdarás go láidir go ndéanfaí gach frithghníomhú díobhálach (fo-iarmhairt) amhrasta a bhaineann le vacsaíní in aghaidh COVID-19 a thuairisciú d'fhonn tacú leis monatóireacht leanúnach a dhéanamh ar a n-úsáid shábháilte, éifeachtach. Le frithghníomhú díobhálach amhrasta a bhaineann leis an vacsaín in aghaidh COVID-19 a thuairisciú, téigh chuig **www.hpra.ie/report**

Is féidir leat iarraidh ar do Dhochtúir nó ar bhall teaghlaigh é sin a thuairisciú thar do cheann freisin. Ba cheart a oiread faisnéise agus is eol a chur ar fáil, agus nuair is féidir, ba cheart baiscuimhir na vacsaíne a lua chomh maith.

Ní féidir leis an Údarás comhairle chliniciúil a chur ar fáil maidir le cásanna ar leith. Ba cheart do bhaill an phobail teagmháil a dhéanamh lena ngairmí cúraim sláinte (a nDochtúir nó a gCógaiseoir) má bhíonn aon cheist leighis acu.

Do chuid faisnéise pearsanta

Leis an vacsaín a thabhairt do dhaoine ar bhealach slán sábháilte agus leis an bhfaisnéis uile a thaifeadadh is gá le monatóireacht agus bainistíocht a dhéanamh ar an vacsaín, beidh FSS ag próiseáil fhaisnéis phearsanta do linbh. Déanfaidh FSS an fhaisnéis go léir a phróiseáil de réir na ndlíthe ginearálta agus de réir an Rialacháin Ghinearálta maidir le Cosaint Sonraí go háirithe, a tháinig i bhfeidhm in 2018.

Beidh próiseáil shonraí do linbh idir dhleathach agus chothrom. Ní dhéanfar iad a phróiseáil ach amháin chun críche vacsaíniú a bhainistiú. Tá Prionsabal an Íoslaghdaithe Sonraí i bhfeidhm. Ciallaíonn sé sin nach dtaifeadfar ach na sonraí a bheidh ag teastáil le do leanbh a aithint, coinne do linbh a chur in áirithe, an vacsaíniú a thaifeadadh agus monatóireacht a dhéanamh ar a éifeachtaí.

Tá na cearta seo a leanas agat faoin Rialachán Ginearálta maidir le Cosaint Sonraí i leith na sonraí pearsanta de chuid do linbh a dhéantar a phróiseáil.

- Faisnéis maidir le sonraí pearsanta do linbh agus rochtain orthu a iarraidh (ar a dtugtar ‘iarratas duine ar a s(h)onraí’ de ghnáth). Cuirtear ar do chumas leis sin (mar thuismitheoir nó caomhnóir dlíthiúil an linbh) cóip de na sonraí pearsanta atá á gcoinneáil againn maidir le do leanbh a fháil agus a chinntiú go bhfuil siad á bpróiseáil de réir an dlí againn.
- A iarraidh go ndéanfaí na sonraí pearsanta atá againn maidir le do leanbh a cheartú. Cuirtear ar do chumas leis sin a iarraidh go ndéanfaí aon fhaisnéis neamhiomlán nó mhíchruinn atá againn maidir le do leanbh a cheartú.
- Léirscriosadh shonraí pearsanta do linbh a iarraidh. Cuirtear ar do chumas leis sin a iarraidh orainn sonraí pearsanta do linbh a scriosadh nó a bhaint i gcás nach mbeidh aon chúis mhaith againn le leanúint lena bpróiseáil. Tá sé de cheart agat chomh maith iarraidh orainn faisnéis phearsanta do linbh a scriosadh nó a bhaint i gcás gur fheidhmigh tú do cheart le cur i gcoinne a próiseála.
- Cur i gcoinne phróiseáil do chuid sonraí pearsanta.

Tá tuilleadh eolais le fáil ar www.hse.ie/eng/gdpr



**VACSAÍN
COVID-19**
Comhairle
Sláinte Poiblí

Arna fhoilsiú ag FSS an 13 Nollaig 2021
Bíonn an fhaisnéis is déanaí
le fáil ar www.hse.ie



Rialtas na hÉireann
Government of Ireland